2026/1787

24.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1787 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta mionsonraithe chun fíorshonraí a bhailiú a bhaineann le hastaíochtaí CO_2 ó fheithiclí tromshaothair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí nua tromshaothair ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/1242, ceanglaítear ar an gCoimisiún sonraí a bhailiú maidir le fíorídiú breosla agus fíorídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair a thaifeadtar le feistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Chun bailiú tráthrialta fíorshonraí de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/1242 a áirithiú, agus ualach riaracháin an nós imeachta sin á íoslaghdú an tráth céanna, ba cheart fíorshonraí ar ídiú breosla agus fuinnimh a bhailiú mar chuid de na tástálacha ródacmhainneachta a dhéantar cheana féin i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Chun gur féidir fíorshonraí a bhailiú, ba cheart na huirlisí is gá a bheith ag na comhlachtaí nó ag na bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/45/AE chun na sonraí arna dtaifeadadh ag feistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh a léamh amach. Ba cheart tús a chur le bailiú fíorshonraí ón tráth a cheanglaítear ar fheithiclí feistithe le feistí den sórt sin dul faoi thástáil ródacmhainneachta i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2014/45/AE, is é sin ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh. Chun tacú le cur chun feidhme tráthúil an bhailithe sonraí, féadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a bhailiú roimh an dáta sin, ar bhonn deonach.

(4) Chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar fhíorionadaíochas luachanna astaíochtaí CO_2 agus luachanna ídithe fuinnimh, ba cheart do na Ballstáit sonraí a bhaineann le fíorastaíochtaí CO_2 agus le fíorídiú fuinnimh feithiclí tromshaothair a thuairisciú don Choimisiún, arna mbailiú sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin, agus úsáid á baint as na nósanna imeachta um tharchur sonraí arna soláthar ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC). Ba cheart don Choimisiún agus do GEC na bearta iomchuí a dhéanamh chun rúndacht na faisnéise a fhaightear a chosaint.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla a bhaineann le feistí infheithicle chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar ídiú breosla agus fuinnimh agus ar mhíleáiste feithiclí tromshaothair áirithe, agus chun pálasta nó meáchan iomlán na bhfeithiclí sin a chinneadh agus a thaifeadadh (IO L, 2025/2161, 31.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2161/oj).

([3]) Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).

(5) Ba cheart fíorshonraí ar ídiú breosla agus fuinnimh a bhailiú mar aon leis an uimhir aitheantais feithicle (VIN). Cé go sanntar uimhir aitheantais feithicle don fheithicil chun a áirithiú go ndéantar an fheithicil a shainaithint i gceart, is ionann é freisin agus sonraí pearsanta duine nádúrtha, de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) (RGCS), a mhéid a bhaineann le duine a bhfuil acmhainní réasúnta aige a chuireann ar a chumas dó uimhir aitheantais feithicle a cheangal le duine sonrach amhail úinéir na feithicle nó an duine a bhainfeadh úsáid as an bhfeithicil sin ar bhunús dlí seachas bunús dlí an úinéara.

(6) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta faoin rialachán cur chun feidhme seo a bheith faoi réir infheidhmeacht RGCS agus EUDPR ([5]). Ba cheart go measfaí go bhfuil próiseáil fíorshonraí faoi fheithiclí tromshaothair agus VINanna feithiclí tromshaothair chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242 dleathach de bhun Airteagal 6(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart do rialaitheoirí úsáid a bhaint as modhanna slána cumarsáide, agus ba cheart úinéirí feithiclí a chur ar an eolas go leordhóthanach.

(7) Ba cheart an tréimhse a shonrú dá bhfuil na sonraí sin le coinneáil ag na heintitis éagsúla a bhfuil baint acu leis an mbailiú agus leis an tuairisciú. Ós rud é gurb é an cuspóir atá ann forbairt fhíorfheidhmíocht na feithicle i rith a saolré measta a leanúint, ba cheart do GEC sonraí a choinneáil go ceann tréimhse 20 bliain. Maidir le heintitis a bhailíonn agus a thuairiscíonn sonraí, níor cheart dóibh na sonraí a choinneáil ach ar feadh 6 mhí tar éis na sonraí sin a tharchur chuig GEC.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 12 Iúil 2026.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

ciallaíonn 'fíorshonraí' na sonraí maidir leis na luachanna saolré agus na sonraí statacha carntha dá dtagraítear i bpointe 3.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161 a fuarthas ó fheistí infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh.

Airteagal 2

Bailiú agus tuairisciú sonraí a dhéanfaidh na Ballstáit

1. Na Ballstáit agus na comhlachtaí nó na bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/45/AE, déanfaidh siad na sonraí seo a leanas a bhailiú ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh nuair a dhéanfar tástáil ródacmhainneachta i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2014/45/AE ar fheithiclí tromshaothair a chláraítear ón 1 Iúil 2027 ar aghaidh agus a bhfuil feiste infheithicle acu lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2161:

(a) fíorshonraí;

(b) uimhir aitheantais feithicle (VIN);

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(c) léamh ó odaiméadar na feithicle;

(d) an dáta ar a tharla an tástáil ródacmhainneachta.

2. Léifear na fíorshonraí amach trí fheiste a úsáid dá dtagraítear i bpointe (14) de Chuid I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/45/AE. Beidh an fheiste sin in ann na sonraí a léamh amach de réir mar a taifeadadh iad ar an bhfeiste infheithicle lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla agus fuinnimh leictrigh.

3. Na Ballstáit agus na comhlachtaí agus na bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/45/AE atá freagrach as bailiú na n-uimhreacha aitheantais feithicle, bainfidh siad úsáid as modhanna slána cumarsáide don bhailiú sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus a bailíodh sa tréimhse tuairiscithe roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún faoin 30 Samhain gach bliain ó 2029 ar aghaidh, trí aistriú sonraí leictreonacha chuig GEC.

5. Agus na sonraí a shonraítear i mír 1 á dtuairisciú ag na Ballstáit, bainfidh siad úsáid as na huirlisí leictreonacha agus an treoir nós imeachta arna soláthar ag an gCoimisiún agus GEC. Chun críoch an tuairiscithe sin, déanfaidh na Ballstáit teagmhálaí a ainmniú agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi shonraí teagmhála an duine sin agus faoi aon athrú a dhéanfar air ina dhiaidh sin.

6. Féadfaidh na Ballstáit agus na comhlachtaí agus na bunaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 2014/45/AE na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a bhailiú ar bhonn deonach ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh. Féadfaidh siad aon sonraí den sórt sin a bhailítear idir an 1 Eanáir 2028 agus an 30 Meitheamh 2028 a thuairisciú don Choimisiún, trí aistriú leictreonach sonraí chuig GEC faoin 30 Samhain 2028.

Airteagal 3

Oibleagáidí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta

1. Maidir leis na comhlachtaí nó na bunaíochtaí atá freagrach as an tástáil ródacmhainneachta, agus uimhreacha aitheantais feithicle mar aon leis na fíorshonraí á mbailiú go díreach ó na feithiclí acu, measfar, i dtaca le bailiú agus próiseáil na n-uimhreacha aitheantais feithicle, gur rialaitheoirí ar na sonraí sin iad de réir bhrí Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679, agus soláthróidh siad faisnéis d'úinéirí feithiclí i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán sin.

2. I gcás ina bhfaightear na huimhreacha aitheantais feithicle mar aon leis na fíorshonraí ar bhealach indíreach ó úinéirí feithiclí, déanfaidh na Ballstáit, ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, faisnéis a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679.

3. Measfar gur rialaitheoir faoi Rialachán (AE) 2018/1725 é GEC i ndáil le huimhreacha aitheantais feithicle a phróiseáil faoin Rialachán seo.

4. Ní fhéadfar na sonraí arna mbailiú i gcomhréir le hAirteagal 2 a choinneáil ach go ceann na dtréimhsí seo a leanas:

(a) ag na comhlachtaí agus na bunaíochtaí atá freagrach as tástálacha ródacmhainneachta, go ceann 6 mhí tar éis na sonraí a tharchur chuig GEC, nó chuig na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 2(4);

(b) ag na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 2(4), go ceann 6 mhí tar éis na sonraí a tharchur chuig GEC;

(c) ag GEC, go ceann 20 bliain tar éis an dáta a rinneadh na sonraí a thuairisciú den chéad uair i gcomhréir le hAirteagal 2(4).

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN